AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.3.2024
COM(2024) 460 final

2024/0072 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte

{SWD(2024) 461 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Éigipt a gcaidreamh a dhoimhniú agus comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach a fhorbairt ar mhaithe le rathúnas comhroinnte, cobhsaíocht agus slándáil chomhroinnte, bunaithe ar leas comhpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach agus ag cur leis an gclár oibre dearfach atá ann cheana sa chaidreamh idir an tAontas agus an Éigipt. Leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach, cumhdófar réimsí sonracha comhair a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach, atá braislithe ar fud sé cholún idirghabhála, is iad sin: caidreamh polaitiúil; cobhsaíocht eacnamaíoch; infheistíocht agus trádáil; an imirce; comhar sa tslándáil agus i bhforfheidhmiú an dlí; déimeagrafaíocht agus caipiteal daonna. Le cur chun feidhme an chomhair sna réimsí sin bainfear leas iomlán as acmhainneacht an chaidrimh idir an tAontas agus an Éigipt.

Mar bhonn taca leis an gcomhpháirtíocht beidh pacáiste airgeadais ina mbeidh tacaíocht ghearrthéarmach agus tacaíocht níos fadtéarmaí don chlár oibre um athchóiriú macraifhioscach agus socheacnamaíoch is gá, chomh maith le méideanna méadaithe atá ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí san Éigipt agus tacaíocht spriocdhírithe chun na tosaíochtaí straitéiseacha éagsúla a chur chun feidhme.

Cuirfear an pacáiste airgeadais sin ar fáil i staid eacnamaíoch dhúshlánach ina mbeidh riachtanais mhaoiniúcháin mhóra ag an Éigipt nár freastalaíodh orthu go fóill. Sa chomhthéacs sin, d'iarr údaráis na hÉigipte tacaíocht ar an Aontas trí chúnamh macrairgeadais an 12 Márta 2024 tar éis comhaontú ar leibhéal foirne de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ('CAI') maidir le Saoráid Chiste Shínte mhéadaithe de USD 8 mbilliún a fógraíodh an 6 Márta 2024.

Tar éis roinnt athléimneachta a léiriú le linn na paindéime, a bhuí i bpáirt le hathchóirithe i gcomhthéacs chláir leantacha CAI ó bhí 2016 ann, tá meath suntasach tagtha ar staid mhacraifhioscach na hÉigipte le roinnt míonna anuas. Le 2 bhliain anuas, tá méadú tagtha ar bhrúnna seachtracha agus tá méadú breise tagtha ar fhiachas na hÉigipte, rud a léiríonn cur chun feidhme níos moille maidir leis na hathchóirithe a comhaontaíodh sa Chomhaontú ar an Leibhéal Foirne le CAI i mí Dheireadh Fómhair 2022. Mar thoradh ar iarmhairtí chogadh na Rúise ar an Úcráin agus ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá eis-sreafaí caipitil fadálacha agus onnmhairí seirbhísí níos ísle ann, go háirithe ón turasóireacht agus ó fháltais Chanáil Shuais. Is dúshlán ar leith é sin i bhfianaise staid fhioscach dheacair na hÉigipte ina bhfuil an fiachas poiblí agus easnaimh leanúnacha ag dul i méid, chomh maith le heasnamh seasta sa chuntas reatha. Rinne na mórghníomhaireachtaí rátála íosghrádú ar rátálacha na hÉigipte ó bhí mí Aibreáin 2023 ann, agus ar deireadh sannadh gráid faoi bhun infheistíochta d'fhiachas ceannasach na tíre tar éis ráig chogadh Ghaza. Tá dúshláin mhóra os comhair na hÉigipte fós, lena n-áirítear boilsciú ard, lorg eacnamaíoch daingnithe an stáit, neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh malairte eachtraí, agus iarmhairtí na coinbhleachta i Gaza, rud a lagaigh cobhsaíocht eacnamaíoch na hÉigipte a thuilleadh agus a chuir brú ar sheasamh seachtrach agus fioscach na tíre agus ag an am céanna a mhéadaíonn leochaileacht fhoriomlán na tíre i leith suaití seachtracha.

I bhfianaise na cobhsaíochta réigiúnaí atá ag dul in olcas agus ról tábhachtach na hÉigipte sa réigiún, tar éis thabhairt i gcrích comhaontaithe ar leibhéal na foirne maidir le clár nua CAI agus tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an staid eacnamaíoch san Éigipt agus i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Straitéisí Cuimsithí idir an Éigipt agus an tAontas, tá an Coimisiún ag cur togra faoi bhráid na Comhairle maidir le cúnamh macrairgeadais

gearrthéarmach nua suas le EUR 1 bhilliún a chur ar fáil chun leas na hÉigipte, mar chuid de phacáiste foriomlán cúnaimh macrairgeadais suas le EUR 5 bhilliún in iasachtaí.

Chuideodh an cúnamh macrairgeadais atá beartaithe leis an Éigipt cuid dá bearna maoinithe sheachtraigh fhoriomlán a chumhdach, bearna a meastar é a bheith USD 17.7 billiún, i gcomhthéacs chlár nua CAI thar an tréimhse 2024-2027. Tá riachtanais mhaoiniúcháin thar a bheith géar sa dara leath de 2024, agus measann CAI gurb é USD 9.3 billiún an bhearna maoinithe fhoriomlán shubstaintiúil sa bhliain fhioscach atá le teacht (BF, mí Iúil-mí an Mheithimh) 2024/25. Fágann sé sin go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go bhféadfaí an chéad rannchuidiú mór trí chúnamh macrairgeadais a chur ar fáil cheana féin faoi dheireadh na bliana sin. Is cosúil nach féidir é sin a dhéanamh más rud é gur glacadh an cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') faoin ngnáthnós imeachta reachtach, agus na srianta a fhorchuirtear le deireadh thréimhse reachtach na Parlaiminte atá le teacht á gcur san áireamh i gcomhar leis an am a bheidh ag teastáil ina dhiaidh sin chun cúnamh macrairgeadais a achtú ina iomláine, lena n-áirítear an t-am chun teacht ar chomhaontú maidir le sraith beartais um athchóiriú chun tacú leis an gcúnamh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le hAirteagal 213 CFAE a úsáid go heisceachtúil lena bhforáiltear do ghlacadh an chinnidh ag an gComhairle don chéad chuid seo den phacáiste cúnaimh macrairgeadais, agus sin amháin.

Dhéanfaí an íocaíocht amach i dtráinse amháin, nasctha go docht le dul chun cinn sásúil maidir le cur chun feidhme chlár CAI agus i ndáil le líon beart beartais breise a bheidh le comhaontú idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte agus a liostófar i Meabhrán Tuisceana ('MT'). I bprionsabal, d'fhéadfaí a áireamh sa MT athchóirithe chun ról na hearnála príobháidí a chur chun cinn sa gheilleagar, athchóirithe airgeadaíochta agus beartais ráta malairte, athchóirithe leanúnacha ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí agus feabhsuithe ar an sásra tacaíochta sóisialta.

De réir mar a mhionsaothraítear a thuilleadh sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an togra seo, measann an Coimisiún, bunaithe freisin ar an measúnú ar an staid pholaitiúil a rinne an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, go gcomhlíontar na réamhchoinníollacha eacnamaíocha maidir leis an oibríocht cúnaimh macrairgeadais atá beartaithe, agus go ndéanfar faireachán leanúnach ar an dul chun cinn maidir leis an réamhchoinníoll polaitiúil chun a fháil amach go bhfuil comhlíonadh na gcritéar ag dul i dtreo sásúil.

- **Comhthéacs ginearálta**

Tháinig moill ar an bhfás de dhroim tosca intíre agus seachtracha araon. Tar éis téarnamh láidir 6.7 % tar éis na paindéime le linn bhliain fhioscach 21/22, laghdaigh fíorfhás OTI go 3.8 % sa bhliain airgeadais 22/23 agus lean sé de bheith ag laghdú go 2.6 % bliain ar bhliain le linn ráithe mhí Iúil-mhí Mheán Fómhair 2023. Bhí tionchar ag boilsciú ard, éiginnteacht a bhaineann leis an ráta malairte agus cur chun feidhme laghdaithe athchóirithe a mheas ar thomhaltas agus ar infheistíocht. Tá brú tagtha ar na honnmhairí seirbhísí a bhí láidir roimhe seo de réir mar a chuireann an choimhlint i Gaza isteach ar thurasóireacht agus de réir mar a laghdaigh ionsaithe Houthi sa Mhuir Rua fáltais Chanáil Shuais. Gníomhaíocht na hearnála príobháidí neamh-ola, arna tomhas ag Innéacs na mBainisteoirí Ceannaigh, d'fhan sé craptha i mí Eanáir 2024 de réir mar a lagaigh leabhair ordaithe agus de réir mar a tháinig laghdú ar aschur. Tháinig meath ar ionchais ghnó faoi éileamh cliant atá anásta. Faoi mhí na Nollag 2023, tháinig laghdú beag ar an dífhostaíocht go 6.9 %.

D'fhan an boilsciú ard, le linn ráta malairte comhthreomhar luaineach, rud a d'imigh go mór ó ráta malairte oifigiúil beagnach cobhsaí ar fud an chuid is mó de 2023 agus go luath in 2024. Is éard a bhí i mboilsciú praghsanna do thomhaltóirí 29.8 % bliain ar bhliain i mí Eanáir 2024,

tar éis meán bliantúil 33.8 % in 2023. Go tábhachtach, bhí méaduithe ar phraghas an bhia measartha beag ach bhí siad fós ard ag 47.9 % i mí Eanáir, áit inar fiú caiteachas comhfhreagrach agus thart ar aon trian de chiseán an tomhaltóra. Cheana féin roimh an ngéarchéim atá ann faoi láthair, bhí thart ar 30 % den daonra faoi bhochtaineacht, rud a bhí buailte go háirithe ag an mboilsciú níos airde i bpraghsanna bia. Cé gur mhéadaigh suas cúlchistí oifigiúla beagán go USD 35.3 billiún nó thart ar 7.5 mí d'allmhairí i mí Eanáir, agus gur shroich glansócmhainní eachtracha iomlána an chórais airgeadais suíomh diúltach USD 27.2 billiún i mí na Nollag 2023, bhí súil leis go dtiocfaidh feabhas ar an dá cheann mar gheall ar insreabhadh ón infheistíocht USD 35 bhilliún de chuid Aontas na n-Éimíríochtaí Arabacha a fógraíodh an 23 Feabhra 2024 agus an córas nua solúbtha rátaí malairte. Ós rud é gur socraíodh an ráta malairte oifigiúil ag thart ar 31 phunt de chuid na hÉigipte in aghaidh dollar na Stát Aontaithe ón díluacháil dheireanach i mí Feabhra 2023 go dtí mí an Mhárta 2024, d'eascair margadh comhthreomhar méadaitheach le heasnaimh malairte eachtraí le rátaí luaineacha idir 50 agus 70 EGP/USD. Nuair a síníodh an Comhaontú ar leibhéal na Foirne le CAI an 6 Márta 2024, d'achtaigh na húdaráis córas solúbtha airgeadra agus socraíodh EGP ag thart ar 50 EGP/USD. Bhí Banc Ceannais na hÉigipte ag gabháil leis an aistriú chuig ráta malairte solúbtha le hardú mór ar ráta úis 600 bps agus iarracht á déanamh srian a chur leis an mboilsciú.

Tá staid an airgeadais phoiblí an-dúshlánach fós. Tháinig meath ar an easnamh fioscach mar gheall ar íocaíochtaí úis atá ag dul i méid agus tá an fiachas poiblí fós ard. D'fhan an t-easnamh buiséadach foriomlán cobhsaí den chuid is mó sa bhliain fhioscach 22/23 ag thart ar 6 % de OTI. Mar sin féin, sa chéad leath den bhliain fhioscach 23/24 (mí Iúil-mí na Nollag 2023) tháinig méadú 75.3 % bliain ar bhliain ar an easnamh i dtéarmaí ainmniúla de réir mar a chuaigh fás an chaiteachais thar an bhfás ioncaim, go háirithe mar gheall ar dhúbailt in íocaíochtaí úis a itheann suas le 97.8 d'ioncam iomlán an bhuiséid le linn na tréimhse céanna anois. I gcás bhliain fhioscach 23/24 ina hiomláine, tá CAI á thuar go ndéanfaidh íocaíochtaí úis 87.2 % d'ioncam iomlán an bhuiséid a bhaint amach. Is é 6.3 % de OTI i mbliain fhioscach 23/24 easnamh foriomlán an rialtais. Ba é a bhí san fhiachas poiblí 95.9 % ag deireadh bhliain fhioscach 22/23, suas ó 88.5 % an bhliain fhioscach roimhe sin agus tá sé ag an leibhéal is airde ó bhí 2017 ann, agus meastar go n-ardóidh sé go 96.4 % an bhliain fhioscach seo.

Tháinig feabhas ar an gcuntas reatha ach tá rioscaí substaintiúla ag baint le géarchéimeanna réigiúnacha. An tráth céanna, is dócha go n-ardóidh margadh infheistíochta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha allmhairí. Tar éis easnamh 3.5 % i mbliain fhioscach 21/22, tháinig laghdú 1.2 % ar an easnamh sa chuntas reatha sa bhliain fhioscach dheireanach agus tháinig feabhas 12 % eile air bliain ar bhliain i dtéarmaí ainmniúla le linn ráithe mí Iúil-mí Mheán Fómhair 2023. Cé gur thug an turasóireacht agus fáltais Chanáil Shuais tacaíocht láidir, mhaolaigh onnmhairí earraí. Laghdaigh seoltáin go láidir mar a sheachain Éigiptigh thar lear an ráta malairte oifigiúil ró-luacháilte. Chuidigh comhbhrú láidir allmhairí leis an easnamh foriomlán a choinneáil faoi smacht. Tugann sonraí ardmhinicíochta le fios go bhfuil na hearnálacha ar ghnáth leo a bheith ina saothraithe ioncaim láidre, an turasóireacht agus fáltais Chanáil Shuais, buailte go dona ag an gcoimhlint i Gaza agus sa Mhuir Rua agus go bhfuil na rioscaí comhfhreagracha ar an taobh thíos fós substaintiúil. Is dócha go gcuideoidh aontú an chórais rátaí malairte a bhí ilroinnte roimhe seo le seoltáin a mhealladh ar ais chuig bealaí oifigiúla. An tráth céanna, is dócha go gcuirfidh cur chun feidhme chomhaontú infheistíochta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar an láthair go luath in 2025 brú ar allmhairí.

Sa bhliain fhioscach 22/23, bhain an Éigipt a sprioc USD 10 mbilliún i sreafaí infheistíochta dírí coigríche (IDC) amach beagnach, suas 12.3 % ón mbliain fhioscach 21/22. Áiríodh leis sin díolacháin sócmhainní poiblí faoi mbeartas nua maidir le húinéireacht stáit. Cuirfidh

comhaontú infheistíochta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha borradh breise faoi IDC, cé nach léir fós an spreagfaidh an infheistíocht stát-stiúrtha ó chiste ceannasach Éimíríoch infheistíocht atá faoi thionchar an mhargaidh ó áiteanna eile freisin. Níor fhill sreafaí infheistíochta punainne go fóill ar an Éigipt tar éis an eis-sreabhadh ollmhór a thosaigh nuair a thosaigh cogadh na Rúise ar an Úcráin, rud a léirigh príomhleochaileacht don Éigipt. Mar gheall ar riaráiste na n-athchóirithe intíre atá ann go dtí seo, lena n-áirítear aontú an ráta malairte atá thar téarma agus, le déanaí, an éiginnteacht mar gheall ar an gcogadh i Gaza, is dócha go mbeidh insreabhadh caipitil á dhíspreagadh tuilleadh. Laghdaigh Moody's ionchas creidmheasa ceannasach na hÉigipte ó ionchas cobhsaí go hionchas diúltach i lár mhí Eanáir 2024, agus na rioscaí a bhaineann le seirbhís úis atá ag dul i méid, athchothromú an ráta malairte agus brúnna seachtracha atá ag dul i méid á lua acu. Níos luaithe i mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne Moody's, S&P agus Fitch íosghrádú ar fhiachas ceannasach na hÉigipte go grád faoi bhun na hinfheistíochta mar gheall ar an mboilsciú a taifeadadh, ar ghanntanas ainsealach airgeadra eachtraigh agus ar fhiachas poiblí an rialtais atá ag dul i méid.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ceann ar bith

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá dlúthchaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch forbartha ag an Aontas agus ag an Éigipt thar na blianta, caidreamh a cuireadh ar bonn go foirmiúil trí thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhlachais, a tháinig i bhfeidhm go hiomlán in 2004. Tugadh spreagadh nua don chaidreamh sin le déanaí trí ghlacadh na comhpháirtíochta athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt 'Clár Oibre nua don Mheánmhuir' i mí Feabhra 2021 agus trí thosaíochtaí Comhpháirtíochta 2021-2027 idir an tAontas agus an Éigipt 2021-2027 a ghlacadh ina dhiaidh sin) i mí an Mheithimh 2022 ag an 9ú Comhairle Comhlachais. Leis na tosaíochtaí comhpháirtíochta leagtar síos an creat polaitiúil go dtí 2027 agus cumhdaítear trí réimse leathana leo: (i) geilleagar na hÉigipte a nuachóiriú ar bhealach inbhuanaithe (ii) comhar a neartú maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach (iii) cobhsaíocht a áirithiú trí chomhar maidir le slándáil agus frithsceimhlitheoireacht, imirce agus cearta an duine a chur chun cinn. Tá an Clár Ilbhliantúil Táscach Ilbhliantúil idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt (2021-2027), doiciméad clársceidealaithe an Aontais Eorpaigh don Éigipt, bunaithe freisin ar na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta.

Tá naisc eacnamaíocha na hÉigipte leis an Aontas Eorpach forbartha go maith freisin. Tá an tAontas fós ar an gcéad chomhpháirtí trádála atá ag an Éigipt i dtéarmaí allmhairí agus onnmhairí agus tá sé ar cheann de na hinfheisteoirí is mó san Éigipt. In 2022, laghdaigh an Éigipt an t-easnamh sa trádáil leis an Aontas a bhuí le honnmhairí níos láidre, go háirithe ola, gás agus leasacháin. I gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le hAthbhreithniú ar Bheartas Trádála an Aontais i mí Feabhra 2021, tá an tAontas sásta oibriú leis an Éigipt chun an trádáil dhéthaobhach agus an caidreamh infheistíochta a nuachóiriú, lena n-áirítear trína áirithiú go gcuirfear forálacha trádála agus iomaíochta Chomhaontú Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte chun feidhme ina n-iomláine, ar bhealach a chuirfidh ar a cumas a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Táthar chun an comhar a dhoimhniú a thuilleadh faoin gComhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach maidir le rathúnas, cobhsaíocht agus slándáil chomhroinnte a dearbhaíodh ag an deichiú cruinniú den Chomhairle Comhlachais an 23 Eanáir 2024. Cumhdófar leis réimsí sonracha comhair, lena n-áirítear caidreamh polaitiúil, dea-rialachas, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, infheistíocht agus trádáil inbhuanaithe,

fuinneamh, uisce, slándáil bia agus an t-athrú aeráide, an imirce, slándáil agus forbairt caipitil dhaonna.

Tá tíortha atá cumhdaithe ag Beartas Comharsanachta na hEorpa incháilithe le haghaidh cúnaimh macrairgeadais (má chomhlíonann siad coinníollacha éagsúla). Chomhlánódh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas na deontais arna slógadh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (‘ICFCI-GE’) agus faoi chláir eile de chuid an Aontais. Trí thacú le húdaráis na hÉigipte creat iomchuí le haghaidh beartas maicreacnamaíoch agus athchóirithe struchtúracha a ghlacadh, mhéadódh cúnamh macrairgeadais an Aontais breisluach agus éifeachtacht idirghabhálacha airgeadais foriomlána an Aontais, lena n-áirítear idirghabhálacha trí hionstraimí airgeadais eile.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 213 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo. Tá riachtanais mhaoiniúcháin na hÉigipte thar a bheith géar sa dara leath de 2024, i bhfianaise na bearna substaintiúla foriomláine maoiniúcháin a mheastar a bheith cothrom le USD 9.3 billiún sa bhliain fioscach 2024/25, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh sé in ann cúnamh macrairgeadais a íoc amach faoi dheireadh na bliana. Ní féidir sin a áirithiú más rud é gur ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 212 CFAE faoin ngnáthnós imeachta reachtach, agus na srianta a fhorchuirtear le deireadh thréimhse reachtach na Parlaiminte atá le teacht á gcur san áireamh i gcomhar leis an am a bheidh ag teastáil ina dhiaidh sin chun cúnamh macrairgeadais a achtú ina iomláine, lena n-áirítear an t-am chun teacht ar chomhaontú maidir le sraith beartais um athchóiriú chun tacú leis an gcúnamh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le hAirteagal 213 CFAE a úsáid lena bhforáiltear do ghlacadh an chinnidh ag an gComhairle gan dochar d’oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais amach anseo.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Urramaítear prionsabal na coimhdeachta ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin na cuspóirí a ghnóthú go leordhóthanach maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch ghearrthéarmach a chur ar ais san Éigipt agus gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach iad a ghnóthú. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin na srianta buiséadacha atá ann ar an leibhéal náisiúnta agus an gá atá le comhordú maith idir na deontóirí chun gur féidir cur le scála agus le héifeachtacht an chúnaimh a oiread agus is féidir.

• Comhréireacht

Comhlíontar leis an togra prionsabal na comhréireachta ós rud é go bhfuil sé teoranta don íosmhéid is gá chun cuspóirí na cobhsaíochta maicreacnamaíche gearrthéarmaí a bhaint amach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin.

Mar a luadh thuas, bheadh an oibríocht cúnaimh macrairgeadais atá beartaithe sa chinneadh seo ar an gcéad chuid de phacáiste tacaíochta cúnaimh macrairgeadais dar luach suas le EUR 5 bhilliún ar an iomlán, arna roinnt san oibríocht cúnaimh macrairgeadais atá ann faoi láthair, ar fiú suas le EUR 1 bhilliún í, agus ina dara hoibríocht rialta cúnaimh macrairgeadais

suas le EUR 4 bhilliún.[1] Mar a shainaithin an Coimisiún ar bhonn mheastacháin CAI i gcomhthéacs na Saoráide Ciste Sínte, tá méid an dá oibríochta cúnaimh macrairgeadais atá beartaithe cothrom le thart ar 56.7 % den bhearna maoiniúcháin iarmharach a mheastar a bheidh fós ann le haghaidh thréimhse bhliain fhioscach 24//25-bhliain fhioscach 26/27. Tá sé sin comhsheasmhach leis na cleachtais chaighdeánacha maidir le comhroinnt ualaigh d'oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais (i gcás tíre a bhfuil Comhaontú Comhlachais aici, is é 60 % an uasteorainn a bheadh ann i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2002), agus an cúnamh a thug deontóirí déthaobhacha agus iltaobhacha eile don Éigipt á chur san áireamh.

- **An rogha ionstraime**

Ní bheadh maoiniú tionscadal ná cúnamh teicniúil oiriúnach ná leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí maicreacnamaíocha sin. Is é an breisluach is mó a bhainfeadh leis an gcúnamh macrairgeadais i gcomparáid le hionstraimí eile an Aontais go maolófaí srianta airgeadais sheachtraigh agus go mbeadh sé ina chuidiú chun creat maicreacnamaíoch cobhsaí a chruthú, lena n-áirítear cuidiú trí chomhardú íocaíochtaí agus cás buiséadach a bheadh inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le creat iomchuí le haghaidh athchóirithe struchtúracha leathana a chothú. Trí chúnamh a thabhairt creat beartais iomchuí a chur ar bun, bíonn sé de bhua ag an gcúnamh macrairgeadais go gcuireann sé le héifeachtacht na mbeart a mhaoinítear san Éigipt faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais atá níos spriocdhírithe.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear cúnamh macrairgeadais ar fáil mar dhlúthchuid den tacaíocht idirnáisiúnta do chobhsaíocht eacnamaíoch na hÉigipte. Agus an togra seo le haghaidh cúnamh macrairgeadais á ullmhú, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le CAI agus leis an mBanc Domhanda, a bhfuil cláir mhaoiniúcháin measartha mór curtha ar bun acu cheana féin agus atá ag ullmhú cláir nua. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Malartach Eacnamaíoch agus Airgeadais an 12 Márta 2024, áit ar cuireadh formhuiniú ar fáil don dréacht-togra. Bhí an Coimisiún i dteagmháil rialta freisin le húdaráis na hÉigipte.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[2] ('an Rialachán Airgeadais'), déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin Measúnú Oibríochtúil in am le haghaidh chur chun feidhme an chúnaimh ar scagchuarda airgeadais agus riaracháin na hÉigipte chun a fháil amach an bhfuil ráthaíochtaí leormhaithe á dtabhairt ag na nósanna imeachta atá ann maidir le bainistíocht ar chúnamh cláir, cúnamh macrairgeadais san áireamh.

- **Measúnú tionchair**

Is ionstraim éigeandála eisceachtúil é cúnamh macrairgeadais an Aontais Eorpaigh agus is é is cuspóir dó aghaidh a thabhairt ar mhórdheacrachtaí comhardaithe íocaíochtaí i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, ní gá, mar chuid den togra seo maidir le cúnamh macrairgeadais, Measúnú Tionchair a dhéanamh i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr

[1] Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte COM(2024) 461

[2] IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1–222.

(SWD (2015) 111 final) mar go bhfuil riachtanas polaitiúil ann gníomhú go pras i gcás a dteastaíonn mearfhreagairt ina leith.

Ar leibhéal níos ginearálta, tógann tograí an Choimisiúin sa réimse seo ar na ceachtanna a foghlaimíodh as meastóireachtaí *ex post* a rinneadh ar oibríochtaí eile i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh. Le hoibríocht an chúnaimh macrairgeadais reatha, agus leis an gclár coigeartaithe eacnamaíoch agus athchóirithe a ghabhann leis, cuideofar le bearna mhaoiniúcháin ghearrthéarmach na hÉigipte a mhaolú agus, ag an am céanna, tacófar le bearta beartais arb é is aidhm dóibh comhardú meántéarmach na n-íocaíochtaí agus an inbhuanaitheacht fhioscach a neartú agus fás inbhuanaithe a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, an clár méadaithe a bheidh le glacadh ag Bord Feidhmiúcháin CAI á chomhlánú. Leis na coinníollacha beartais sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar roinnt de na laigí bunúsacha a léirigh córas geilleagair agus rialachais eacnamaíoch na hÉigipte thar na blianta. D'fhéadfaí a áireamh i réimsí féideartha de bhearta athchóirithe beartais, i bprionsabal, athchóirithe ar chumhachtú na hearnála príobháidí, athchóirithe airgeadaíochta agus beartais ráta malairte, athchóirithe leanúnacha ar Bhainistíocht Airgeadais Phoiblí agus feabhsú an tsásra tacaíochta sóisialta, an bhunchloch a leagan síos don dara cuid den phacáiste cúnaimh macrairgeadais agus iarrachtaí eile a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gComhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach a chomhlánú.

- **Cearta bunúsacha**

Tá tíortha atá cumhdaithe ag BCE incháilithe le haghaidh cúnamh macrairgeadais. Baineann réamhchoinníoll chun cúnamh macrairgeadais a dheonú le sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus ráthaítear go n-urramófar cearta an duine, i gcás inar cheart don Éigipt leanúint de chéimeanna coincréiteacha inchreidte a dhéanamh chun na critéir sin a urramú.

Tá dúshláin mhóra fós ann maidir le cearta an duine san Éigipt, go háirithe i ndáil le saoirsí bunúsacha, rialachas agus an smacht reachta a chosaint. Mar sin féin, le blianta beaga anuas, tá roinnt céimeanna glactha ag ceannaireacht pholaitiúil na hÉigipte agus béim níos mó á leagan aici ar a thábhachtaí atá an urraim do chearta an duine; chuir an Éigipt deireadh leis an staid éigeandála (seachas limistéir in Sinai), sheol sí an chéad Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine riamh, d'athsheol sí an Coiste Um Phardún an Uachtaráin, scaoileadh os cionn 1000 príosúnach polaitiúil saor agus chuaigh sí i mbun an Idirphlé Náisiúnta. Thairis sin, tá dlús curtha ag an Éigipt lena rannpháirtíocht leis an Aontas maidir le cearta an duine, rud a d'fhág gurbh fhéidir cuairt ISAE um Chearta an Duine ar Chaireo a thabhairt den chéad uair riamh in 2022. Thosaigh an Éigipt ag gabháil d'fhóraim idirnáisiúnta le déanaí freisin agus tá sí ag comhoibriú le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe i dtionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas agus a bhfuil sé d'aidhm aige comhpháirtíocht idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a bhunú, ag dul i bpáirt le sineirgí chun cultúr chearta an duine a threisiú san Éigipt. Thairis sin, dhearbhaigh an Éigipt ina Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine go bhfuil sé ar intinn aici athchóiriú a dhéanamh ar an dlí maidir le coinneáil réamhthrialach, feabhas a chur ar choinníollacha coinneála, teorainn a chur le líon na gcoireanna arna bpionósú le bás agus feabhas a chur ar chultúr chearta an duine ar fud institiúidí uile an rialtais. Tá gá le cur chun feidhme éifeachtach, agus tá dul chun cinn á dhéanamh go dtí seo ar an mbóthar institiúideach.

I bhfianaise an mhéid thuas, is féidir a mheas go bhfuil roinnt céimeanna ábhartha déanta ag an Éigipt chun na critéir a chomhlíonadh. An tráth céanna, ní mór leanúint den dul chun cinn éifeachtach maidir le cur chun feidhme, go háirithe faoi chuimsiú Straitéis Náisiúnta na hÉigipte féin maidir le Cearta an Duine. Déanfar faireachán leanúnach ar an dul chun cinn le

linn chur chun feidhme an chúnaimh macrairgeadais chun a fháil amach go bhfuil comhlíonadh na gcritéar ag dul i dtreo sásúil.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ós rud é gurb í an oibríocht cúnaimh macrairgeadais an chéad chuid de phacáiste cúnaimh macrairgeadais dar luach suas le EUR 5 bhilliún d'iasachtaí ar an iomlán, tá sé beartaithe an oibríocht cúnaimh macrairgeadais le haghaidh na hÉigipte, ar fiú suas le EUR 1 bhilliún í, a eisíoc i dtráthchuid amháin a scaoilfear sa dara leath de 2024. Soláthrófar soláthairtí faoin Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ag ráta soláthair 9 % a bheidh clársceidealaithe faoi ICFCI-GE, le haghaidh méid iomlán EUR 90 milliún (líne bhuiséid 14 02 01 70 'ICFCI - an Eoraip Dhomhanda – Soláthar an Chiste don Soláthar Coiteann').

Deonófar na hiasachtaí i bhfoirm iasachtaí amúchta le tréimhse chairde agus aisíocaíochtaí caipitil ina dhiaidh sin i dtráinsí comhionanna thar thréimhse níos faide. Rachaidh an struchtúr iasachta sin chun tairbhe don tairbhí, sa mhéid is go n-éascaíonn sé aisíocaíochtaí, agus rachaidh sé chun tairbhe don bhuiséad, trí dhliteanais theagmhasacha a leathadh thar thréimhse fhada ama.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh an tAontas Eorpach cúnamh macrairgeadais suas le EUR 1 bhilliún ar fáil don Éigipt. Is i bhfoirm iasachtaí meántéarmacha go fadtéarmacha a chuirfear ar fáil é, agus beidh sé ina chuidiú leis na riachtanais mhaoiniúcháin iarmharaigh a bheidh fós ag an Éigipt in 2024 a chumhdach. Tá sé beartaithe an cúnamh a íoc amach i dtráthchuid amháin, ar choinníoll go mbeidh na bearta beartais curtha chun feidhme go tráthúil agus go leanfaidh réamhchoinníollacha ábhartha de bheith comhlíonta.

Is é an Coimisiún a bhainisteoidh an tacaíocht sin. Beidh forálacha sonracha maidir le cosc ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile i bhfeidhm, forálacha a bheidh i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Tiocfaidh an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte ar chomhaontú i dtaobh Meabhrán Tuisceana ina leagfar amach bearta le haghaidh athchóiriú struchtúrach a bhaineann leis an gcúnamh macrairgeadais atá beartaithe, lena n-áirítear uainiú agus seicheamhú an chúnaimh. Ina theannta sin, mar is gnách i gcás cúnaimh macrairgeadais, bheadh na híocaíochtaí amach *inter alia* ag brath ar athbhreithnithe sásúla faoi chlár CAI. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le hÚdaráis na hÉigipte chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí beartais agus na réamhchoinníollacha, mar a shonraítear thuas.

2024/0072 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 213 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá brú méadaithe maidir le maoiniú seachtrach ar an Éigipt mar gheall ar an teannas réigiúnach atá ag dul in olcas. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach cúnamh airgeadais pras tráthúil a áirithiú i bhfianaise na ngéar-riachtanas maoiniúcháin atá ag an Éigipt sa dara leath de 2024. Ionas go soláthrófar an cúnamh airgeadais don Éigipt roimh dheireadh 2024, is iomchuí úsáid eisceachtúil a bhaint as an nós imeachta práinne faoi Airteagal 213 CFAE, chun a ndóthain ama a thabhairt d'údaráis na hÉigipte na bearta athchóirithe tionlacain a chur chun feidhme, bearta a mbeidh ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh orthu sula ndéanfar an íocaíocht amach.

(2) Forbraítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte ('an Éigipt') faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt, comhaontú atá i bhfeidhm ó bhí 2004 ann. Ghlac an tAontas agus an Éigipt Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte (2021-2027) ag an naoú cruinniú den Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Éigipt an 19 Meitheamh 2022. Leis na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, athdhearbhaítear an aidhm chomhpháirteach atá ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna atá os comhair an Aontais agus na hÉigipte, leasanna comhpháirteacha a chur chun cinn agus cobhsaíocht fhadtéarmach agus forbairt inbhuanaithe a ráthú ar dhá thaobh na Meánmhara. Tá an tiomantas comhroinnte do luachanna uilíocha an daonlathais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine fós mar bhonn taca ag na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, mar a léirítear freisin sa Chlár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt le haghaidh na tréimhse 2021-2027.

(3) Léiríonn na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta tiomantas comhroinnte an Aontais agus na hÉigipte an comhar a threisiú chun tacú le 'Fís 2030 maidir le Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe' na hÉigipte agus tiomantas an Aontais gníomhú le fuinneamh athnuaite chun an chomhpháirtíocht le Comharsanacht an Deiscirt a neartú. Go sonrach, sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020[3], shainaithin an tAontas mar

[3] Cruinniú den Chomhairle Eorpach, an Bhruiséil, an 10-11 Nollaig 2022, EUCO 22/10, https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2020/12/11/european-council-conclusions-10-11-december-2020/

thosaíocht straitéiseach go mbeidh Comharsanacht an Deiscirt daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla. Le Clár Oibre an Aontais don Mheánmhuir agus lena Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do Chomharsana an Deiscirt a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Aontas maidir le Comharsanacht an Deiscirt an 9 Feabhra 2021, cuirtear i láthair cuspóirí an Aontais maidir le téarnamh agus athléimneacht shocheacnamaíoch fhadtéarmach inbhuanaithe a bhaint amach agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach sa réigiún a chur chun cinn.

(4) I gcomhréir leis na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, tá an tAontas Eorpach agus an Éigipt tiomanta cuntasacht, an smacht reachta, lánurraim do chearta an duine, saoirsí bunúsacha, cur chun cinn an daonlathais, an comhionannas inscne agus comhdheiseanna mar chearta bunreachtúla a saoránach uile a áirithiú. Cuireann na gealltanais sin leis an gcomhpháirtíocht a chur chun cinn agus le forbairt agus cobhsaíocht inbhuanaithe na hÉigipte. Leis an rannpháirtíocht mhéadaithe agus chuiditheach idir an tAontas agus an Éigipt le linn na tréimhse deiridh, cuireadh tús le hidirphlé níos fónta maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine. Leis an bhFochoiste um Ábhair Pholaitiúla, Cearta an Duine agus an Daonlathas, Saincheisteanna Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha i mí na Nollag 2022, agus leis an gCoiste Comhlachais i mí Bealtaine 2023, soláthraíodh ardáin institiúideacha chun tuairimí a mhalartú maidir le réimse saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, ar mhaith leis an Aontas leanúint díobh agus cur leo. Beidh tionchar dearfach freisin ag an bhfeabhas ar staid chearta an duine san Éigipt ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Éigipt.

(5) Cistítear cúnamh don Éigipt go príomha tríd an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-GE). Is é EUR 240 milliún leithdháileadh táscach an Aontais don Éigipt faoi ICFCI-GE le haghaidh na chéad tréimhse (2021-2024) den Chlár Ilbhliantúil Táscach (MIP). Tá sé sin sa bhreis ar an bpunann leanúnach comhair ar fiú EUR 1,3 billiún í agus tacaíocht bhuiséadach agus bearta éigeandála eile mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine dar luach EUR 307 milliún. Leagtar amach na tosaíochtaí comhpháirtíochta le haghaidh 2021-2027 sa Chlár Ilbhliantúil Táscach idir an tAontas agus an Éigipt, clár a ullmhaíodh i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, agus lena gcumhdaítear trí réimse leathana: i) Geilleagar Nua-Aimseartha Inbhuanaithe agus Forbairt Shóisialta; ii) Comhpháirtíocht i mBeartas Eachtrach, agus iii) Cobhsaíocht a fheabhsú. Tagann ionstraim ICFCI-GE in ionad na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht (IEC) faoinarbh fhiú cúnamh déthaobhach an Aontais don Éigipt le haghaidh na tréimhse 2014-2020 EUR 756 mhilliún.

(6) Aithníonn an tAontas ról na hÉigipte maidir le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach. Is bagairtí coiteanna iad an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an choimhlint ar ár slándáil agus ar chreat sóisialta na náisiún ar an dá thaobh den Mheánmhuir. Ar an gcaoi sin, tá sé de leas coiteann ag an Aontas agus ag an Éigipt comhar a neartú mar a léirítear sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, agus an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(7) Á mheabhrú don Aontas na dúshláin gheopholaitiúla, i gcás ina bhfuil iarmhairtí ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023 chomh maith leis an gcoinbhleacht sa tSúdáin, agus tábhacht straitéiseach na hÉigipte mar an tír is mó sa réigiún agus colún cobhsaíochta don Mheánoirthear ar fad, tá comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach á tabhairt i gcrích ag an Aontas leis an Éigipt mar a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach.

(8) Is é is cuspóir don Chomhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach leis an Éigipt an caidreamh polaitiúil idir an tAontas agus an Éigipt a ardú i dtreo comhpháirtíocht straitéiseach agus é a chur ar a cumas don Éigipt a príomhról a chomhlíonadh maidir le cobhsaíocht a chur ar fáil sa réigiún. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht rannchuidiú le hathléimneacht mhaicreacnamaíoch na hÉigipte agus cur chun feidhme athchóirithe socheacnamaíocha uaillmhianacha a chumasú ar bhealach lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear an próiseas athchóirithe dá bhforáiltear faoi chlár CAI don Éigipt. Mar a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach, tabharfaidh an chomhpháirtíocht aghaidh ar shraith leathan beart beartais atá braislithe ar fud sé cholún idirghabhála, is iad sin: caidreamh polaitiúil; cobhsaíocht eacnamaíoch; infheistíocht agus trádáil; an imirce; comhar sa tslándáil agus i bhforfheidhmiú an dlí; déimeagrafaíocht agus caipiteal daonna.

(9) Mar bhonn taca leis an gcomhpháirtíocht beidh pacáiste airgeadais EUR 7,4 billiún ina mbeidh tacaíocht ghearrthéarmach agus níos fadtéarmaí don chlár oibre um athchóiriú macraifhioscach agus socheacnamaíoch is gá, chomh maith le méideanna méadaithe atá ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí san Éigipt agus tacaíocht spriocdhírithe chun na tosaíochtaí straitéiseacha éagsúla a chur chun feidhme. Cuid den phacáiste tacaíochta is ea an pacáiste cúnaimh macrairgeadais ón Aontas is fiú suas le EUR 5 bhilliún d'iasachtaí, ina bhfuil dhá oibríocht cúnaimh macrairgeadais, oibríocht ghearrthéarmach le haghaidh suas le EUR 1 bhilliún agus oibríocht níos meántéarmaí le haghaidh suas le EUR 4 bhilliún, ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus ionstraimí cumaisc, arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh agus é mar chuspóir acu siúd infheistíochtaí substaintiúla nua a ghiniúint. Comhlánófar é sin le cláir chun tacú le tosaíochtaí sonracha faoin gComhpháirtíocht Straitéiseach agus Chuimsitheach trí thionscadail aonair agus trí chúnamh teicniúil arna gcur chun feidhme faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta[4].

(10) Tá dúshláin mhóra ag baint le staid mhacraifhioscach na hÉigipte agus tá meath substaintiúil tagtha uirthi le roinnt míonna anuas, ós rud é gur éirigh brúnna seachtracha níos déine agus go bhfuil méadú breise tagtha ar an bhfiachas poiblí, agus tá rioscaí substaintiúla ar an taobh thíos don ionchas eacnamaíoch fós ann. Mar thoradh ar iarmhairtí chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael, tá eis-sreafaí caipitil fada agus fáltais airgeadra eachtraigh níos ísle ann, go háirithe mar gheall ar ioncam ón turasóireacht agus ó fháltais Chanáil Shuais a bheith ag titim go mór. Tá sé sin thar a bheith dúshlánach i bhfianaise staid fhioscach dheacair na hÉigipte, arb é is príomhthréith di easnaimh fhioscacha leanúnacha agus cóimheasa fiachais le OTI atá ag dul i méid.

(11) Rinne an Éigipt iarrachtaí athchóirithe móra le linn a rannpháirtíochta le CAI in 2016-2021. Áiríodh ar na hathchóirithe díluacháil mhór airgeadra, in éineacht le hathchóirithe beartais airgeadaíochta a bhí dírithe ar chonair le haghaidh spriocanna boilscithe. Mar aon leis an athchóiriú ar fhóirdheontais breosla, neartaíodh córas aistrithe sóisialta spriocdhírithe go mór. Neartaíodh bainistiú airgeadais phoiblí trí straitéisí meántéarmacha a fhorbairt maidir le hioncam agus fiachas a bhainistiú. Chuir

[4] Arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1)

na húdaráis tús freisin le feabhas a chur ar rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht stáit.

(12) Tar éis clár leantach CAI a ghlacadh i mí na Nollag 2022, ní raibh an dul chun cinn maidir leis an athchóiriú chomh suntasach céanna, cé go bhfuil céimeanna curtha chun feidhme ag an Éigipt chun cothrom na Féinne a thabhairt do chuideachtaí poiblí agus príobháideacha trí dhlí chun pribhléidí cánacha fiontar atá faoi úinéireacht stáit a dhíothú, cé go raibh díolúintí ann ar bhonn na slándála náisiúnta, agus trí bheartas úinéireachta stáit a ghlacadh, arb é is aidhm dó láithreacht an stáit sa gheilleagar a laghdú, ar láithreacht í atá fós mór agus saobhach in ainneoin dul chun cinn teoranta a bheith déanta le déanaí agus an réasúnaíocht maidir le rannpháirtíocht leanúnach an stáit in earnálacha straitéiseacha áirithe a shoiléiriú. Mar sin féin, níor chuir an Éigipt a gealltanas chun feidhme chun an t-airgeadra a dhéanamh solúbtha go marthanach in 2023, rud a d'fhág go raibh ráta malairte oifigiúil ann a bhí cobhsaí den chuid is mó agus margadh airgeadra comhthreomhar substaintiúil ina raibh ráta malairte a bhí an-dímheasta agus an-luaineach. Bhí tionchar mór ag an ilroinnt sin ar infheistíocht eachtrach agus ar ghníomhaíocht ghnó intíre.

(13) Chuaigh an Éigipt i dteagmháil an athuair le CAI go luath in 2024 agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na foirne an 6 Márta 2024 maidir le clár athchóirithe de Shaoráid Fhadaithe Chistiúcháin ar scála suas le USD 8 mbilliún. Meastar go ndéanfaidh Bord Feidhmiúcháin CAI an clár nua a ghlacadh i mí an Mhárta 2024 agus tá sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas: 1) solúbthacht inchreidte sa ráta malairte, 2) géarú inbhuanaithe ar an mbeartas airgeadaíochta, 3) comhdhlúthú fioscach chun inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú, 4) creat nua chun smacht a choinneáil ar chaiteachas ar bhonneagar, 5) leibhéil leordhóthanacha caiteachais shóisialta a chur ar fáil chun grúpaí leochaileacha a chosaint, agus 6) an Beartas Úinéireachta Stáit agus athchóirithe a chur chun feidhme chun cothrom na Féinne a bhaint amach. In éineacht le síniú an chomhaontaithe ar leibhéal na foirne, d'achtaigh an Éigipt solúbthacht maidir leis an ráta malairte freisin, agus d'ardaigh sí príomhráta beartais an bhainc ceannais go mór le 600 bonnphointe, i gcomhréir le tosaíochtaí chlár CAI.

(14) I bhfianaise na staide eacnamaíche atá ag dul in olcas agus an ionchais atá doiléir mar gheall ar rioscaí substaintiúla ar an taobh thíos i ndáil le suaití seachtracha leanúnacha, d'iarr an Éigipt cúnamh macrairgeadais comhlántach ar an Aontas an 12 Márta 2024.

(15) Leis an ngéarchéim atá ann faoi láthair san Éigipt agus sa réigiún, géaraíodh ar riachtanais mhaoiniúcháin na tíre, agus tá bearna shubstaintiúil mhaoiniúcháin fhoriomlán sa bhliain fhioscach atá le teacht (BA, Iúil-Meitheamh) 2024/25, go háirithe sa dara leath de 2024. Fágann sé sin go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go bhféadfaí an chéad ranníocaíocht mhór trí chúnamh macrairgeadais a chur ar fáil cheana féin faoi dheireadh 2024. Is cosúil nach féidir é sin a dhéanamh dá mba rud é gur glacadh an cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 212 CFAE faoin ngnáthnós imeachta reachtach, agus na srianta a fhorchuirtear le deireadh thréimhse reachtach na Parlaiminte atá le teacht á gcur san áireamh i gcomhar leis an am a bheidh ag teastáil ina dhiaidh sin chun cúnamh macrairgeadais a achtú ina iomláine, lena n-áirítear an t-am chun teacht ar chomhaontú maidir le sraith beartais um athchóiriú chun tacú leis an gcúnamh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le hAirteagal 213 CFAE a úsáid go heisceachtúil lena bhforáiltear do ghlacadh an chinnidh ag an gComhairle don chéad chuid seo den phacáiste cúnaimh mhacrairgeadais, agus don chuid sin amháin. Beidh úsáid Airteagal 213 CFAE eisceachtúil i gcónaí agus ní fasach é d'aon togra maidir le

cúnamh macrairgeadais amach anseo, rud a leanfaidh i bprionsabal de bheith bunaithe ar Airteagal 212 CFAE.

(16) Ós rud é gur tír í an Éigipt a chumhdaítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ba cheart a mheas go bhfuil sí incháilithe chun cúnamh macrairgeadais ón Aontas a fháil.

(17) Is é ba cheart a bheith i gcúnamh macrairgeadais ón Aontas ionstraim eisceachtúil lena dtugtar tacaíocht neamhcheangailte agus neamhshannta do chomhardú na n-íocaíochtaí, agus é d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin sheachtraigh an tairbhí, agus ba cheart an cúnamh sin a úsáid mar bhonn le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí bearta láidre práinneacha i bhfeidhm maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, bearta a bheadh ceaptha chun an staid i dtaca le comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú.

(18) Ós rud é go bhfuil bearna iarmharach mhór fós sa mhaoiniú seachtrach a mhéid a bhaineann le comhordú íocaíochtaí na hÉigipte, ar bearna í atá go mór os cionn na n-acmhainní a sholáthraíonn CAI agus institiúidí iltaobhacha eile, meastar, sna himthosca eisceachtúla atá faoi láthair ann, gur freagairt iomchuí ar iarraidh na hÉigipte ar thacaíocht don chobhsú eacnamaíoch, i gcomhar le clár CAI, atá sa chúnamh macrairgeadais ón Aontas don Éigipt. An pacáiste cúnaimh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear cúnamh macrairgeadais suas le EUR 1 bhilliún faoin togra seo, thacódh sé le cobhsú eacnamaíoch agus le clár um athchóiriú struchtúrach na hÉigipte, agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI á bhforlíonadh.

(19) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt don staid inbhuanaithe maidir le maoiniú seachtrach a athbhunú san Éigipt, rud a thacódh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre.

(20) Déantar méid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chinneadh ar bhonn measúnú cainníochtúil iomlán ar na riachtanais mhaoiniúcháin sheachtraigh atá fós ag an Éigipt, agus cuirtear san áireamh acmhainneacht na tíre sin a hacmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta atá ar fáil di, a úsáid chun í féin a mhaoiniú. Is cuid d'iarracht chomhpháirteach idirnáisiúnta an cúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena gcomhlánófar na cláir agus na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag CAI agus ag an mBanc Domhanda go héifeachtach. Agus méid an chúnaimh á chinneadh, cuirtear san áireamh, freisin, na ranníocaíochtaí airgeadais measta ó dheontóirí iltaobhacha agus an gá atá leis an ualach a roinnt go cothrom idir an tAontas agus deontóirí eile, maille leis an úsáid atá á baint cheana as ionstraimí maoiniúcháin sheachtraigh eile san Éigipt agus an breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais ina hiomláine.

(21) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil an cúnamh macrairgeadais ón Aontas i gcomhréir, ó thaobh dlí agus substainte de, leis na príomhphrionsabail, príomhchuspóirí agus príomhbhearta a bhaineann le réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí agus le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais.

(22) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith ina thacú le beartas seachtrach an Aontais i dtaca leis an Éigipt. Ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile le linn oibríocht an chúnaimh macrairgeadais chun beartas seachtrach an Aontais a chomhordú agus chun comhsheasmhacht an bheartais sin a áirithiú.

(23) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith ina thacú leis an ngealltanas atá tugtha ag an Éigipt luachanna atá i gcoiteann aici leis an Aontas a chothú, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas, urraim do chearta an duine, an fhorbairt inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta, agus leis an ngealltanas atá tugtha aici maidir le prionsabail na trádála oscailte cothroime atá bunaithe ar rialacha.

(24) Ba cheart a leagan síos mar réamhchoinníoll i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt don Éigipt go leanfaidh an tír de bheith ag déanamh céimeanna coincréiteacha inchreidte i dtreo sásraí daonlathacha éifeachtacha a urramú - lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí - chomh maith leis an smacht reachta, agus á ráthú go n-urramófar cearta an duine. Ina theannta sin, leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas ba cheart éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Éigipt a neartú agus ba cheart athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar fhás inbhuanaithe cuimsitheach, cruthú post agus comhdhlúthú fioscach a chur chun cinn. Ba cheart don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí araon faireachán rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh an réamhchoinníll agus ar bhaint amach na gcuspóirí sonracha.

(25) Chun a áirithiú go gcosnaítear ar bhealach éifeachtúil na leasanna airgeadais sin de chuid an Aontais atá nasctha leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart don Éigipt na bearta iomchuí a dhéanamh a bhaineann le calaois, éilliú agus neamhrialtachtaí eile i dtaca leis an gcúnamh a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, ba cheart forálacha a bheith i gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte lena n-údaraítear don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[6], don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a hinniúlachtaí a fheidhmiú maidir le cúnamh macrairgeadais ón Aontas a sholáthar le linn a tréimhse infhaighteachta agus ina dhiaidh sin.

(26) Ní dochar eisíoc an chúnamh macrairgeadais ón Aontas do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina gcáil mar údarás buiséadach.

(27) Ba cheart méideanna an tsoláthair a theastaíonn maidir le cúnamh macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí a bheith i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséadacha dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

(28) Is é an Coimisiún ar cheart dó an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bhainistiú. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Chinnidh seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go rialta faoi aon dul chun cinn a dhéantar maidir leis an gcúnamh, agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

---

5 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

6 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Coimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

(29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(30) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith faoi réir coinníollacha beartais eacnamaíoch a bheidh le leagan síos i Meabhrán Tuisceana. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann leis an éifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidliú le húdaráis na hÉigipte faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoin Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith leis an nós imeachta comhairliúcháin, mar riail ghinearálta, i ngach cás seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise go bhféadfadh tionchar tábhachtach a bheith ag cúnamh atá níos mó ná EUR 90 milliún, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh oibríochtaí atá os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas don Éigipt, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana, agus maidir le haon chás ina ndéanfaí an cúnamh a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirfidh an tAontas cúnamh macrairgeadais EUR 1 bhilliún ar a mhéid ar fáil don Éigipt (‘an cúnamh macrairgeadais ón Aontas’), d'fhonn tacú le cobhsú gheilleagar na hÉigipte agus le clár substainteach um athchóiriú. Rannchuideoidh an cúnamh le riachtanais chomhardú íocaíochtaí na hÉigipte mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chumhdach.

2. Chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht sna margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais agus iad a thabhairt ar aghaidh ar iasacht don Éigipt.

3. Bainisteoidh an Coimisiún eisíoc an chúnamh macrairgeadais ón Aontas ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí arna dtabhairt i gcrích idir an CAI agus an Éigipt, agus le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí na n-athchóirithe eacnamaíocha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt.

   Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi aon fhorbairt maidir leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear eisíocaíochtaí an chúnaimh sin, agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstitiúidí sin in am trátha.

4. Cuirfear an cúnamh macrairgeadais ón Aontas ar fáil ag tosú ar an gcéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(1) ar feadh tréimhse 9 mí.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

5. Más rud é, le linn na tréimhse ina mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas á eisíoc, go dtagann laghdú suntasach ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÉigipte i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin tosaigh, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), méid an chúnaimh a laghdú nó cuirfidh sé an cúnamh ar fionraí nó ar ceal.

Airteagal 2

1. Beidh mar réamhchoinníoll i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt don Éigipt go leanfaidh an tír de bheith ag déanamh céimeanna coincréiteacha inchreidte i dtreo sásraí daonlathacha éifeachtacha a urramú — lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí — chomh maith leis an smacht reachta, agus ráthaíocht a thabhairt go n-urramófar cearta an duine.

2. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin le linn shaolré an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas.

3. Cuirfear míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[8].

Airteagal 3

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na hÉigipte, coinníollacha dea-shainithe airgeadais agus coinníollacha dea-shainithe beartais eacnamaíoch, lena ndíreofar ar athchóirithe struchtúracha agus airgeadas poiblí fónta, coinníollacha a mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas faoina réir, agus a leagfar síos i Meabhrán Tuisceana (‘an Meabhrán Tuisceana’) ina mbeidh creat ama chun na hathchóirithe sin a bhaint amach. Beidh na coinníollacha airgeadais agus na coinníollacha beartais eacnamaíoch a leagfar síos sa Mheabhrán Tuisceana i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú maicreacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Éigipt le tacaíocht ó CAI.

2. Leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féachfar, go háirithe, le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Éigipt a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a úsáid. Nuair a bheidh bearta beartais á gceapadh, tabharfar aird chuí freisin ar an dul chun cinn maidir le hoscailt fhrithpháirteach an mhargaidh, ar fhorbairt trádála riailbhunaithe agus cothroime, agus ar thosaíochtaí eile i gcomhthéacs bheartas seachtrach an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

3. I gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte, leagfar síos na téarmaí mionsonraithe airgeadais a ghabhann leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas (an ‘Comhaontú Iasachta’).

[8] Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

4. Fíoróidh an Coimisiún go rialta go bhfuiltear ag leanúint de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil beartais eacnamaíocha na hÉigipte i gcomhréir leis na cuspóirí a bhaineann le cúnamh macrairgeadais an Aontais. Á dhéanamh sin dó, beidh an Coimisiún ag comhordú go dlúth le CAI agus leis an mBanc Domhanda agus, i gcás inar gá, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

Airteagal 4

1. Faoi réir na gceanglas dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an Coimisiún an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fáil in aon tráthchuid amháin, agus sin i bhfoirm iasachta. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an tráthchlár chun an tráthchuid a eisíoc. Féadfar an tráthchuid a eisíoc i dtráinse amháin nó níos mó.

2. Más gá, soláthrófar méideanna an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas arna gcur ar fáil i bhfoirm iasachtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le scaoileadh na tráthchoda faoi réir gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

(a) an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(1);

(b) teist leanúnach shásúil maidir le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí i bhfeidhm bearta láidre maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, clár beartais a fhaigheann tacaíocht ó shocrú creidmheasa CAI nach socrú réamhchúraim é;

(c) na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais a comhaontaíodh sa Mheabhrán Tuisceana a chur chun feidhme go sásúil.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an Coimisiún eisíoc an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. Sna cásanna sin, cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na cúiseanna a bhí aige leis an bhfionraí nó leis an gcealú.

5. Is le Banc Ceannais na hÉigipte a eisíocfar an cúnamh macrairgeadais ón Aontas. Faoi réir na bhforálacha atá le comhaontú sa Mheabhrán Tuisceana, lena n-áirítear deimhniú na riachtanas maoiniúcháin sheachtraigh atá fós ann, féadfaaidh Banc Ceannais na hÉigipte cistí an Aontais a aistriú chuig Aireacht Airgeadais na hÉigipte ina cháil mar an tairbhí deireanach.

Airteagal 5

1. Chun tacaíocht faoin gcúnamh macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 220a de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. Déanfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta leis an Éigipt maidir leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 1. Leagfar síos téarmaí mionsonraithe na tacaíochta faoin gcúnamh macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí i gcomhaontú iasachta i gcomhréir le hAirteagal 220 den Rialachán Airgeadais, atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÉigipte. Leagfar síos sa chomhaontú iasachta an tréimhse infhaighteachta agus téarmaí mionsonraithe na tacaíochta faoin gcúnamh

macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí, lena n-áirítear iasachtaí i ndáil leis na córais rialaithe inmheánaigh. Deonófar na hiasachtaí ar théarmaí a chuirfidh ar a cumas don Éigipt an iasacht a aisíoc thar thréimhse fhada. 35 bliana a bheidh i ré uasta na n-iasachtaí.

3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon fhorbairt i dtaca leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 6

1. Cuirfear an cúnamh macrairgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

2. Beidh cur chun feidhme an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas faoi bhainistíocht dhíreach.

3. Sula gcuirfear an cúnamh macrairgeadais ón Aontas chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, trí bhíthin measúnú oibríochtúil, ar a fhónta agus atá socruithe airgeadais na hÉigipte, na nósanna imeachta riaracháin, agus na sásraí rialaithe inmheánacha agus seachtracha is ábhartha maidir leis an gcúnamh.

Airteagal 7

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 8

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil:

(a) scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur chun feidhme;

(b) déanfar staid agus ionchais eacnamaíocha na hÉigipte a mheasúnú, mar aon leis an dul chun cinn a bheidh déanta i dtaca leis na bearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur chun feidhme;

(c) sonrófar an nasc idir na bearta um athchóiriú beartais eacnamaíoch a leagtar síos sa Mheabhrán Tuisceana, feidhmíocht leanúnach eacnamaíoch agus fhioscach na hÉigipte agus cinntí an Choimisiúin maidir le scaoileadh thráthchodanna an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas.

2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dhul in éag na tréimhse infhaighteachta dá dtagraítear in Airteagal 1(4), cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na

[9] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex-post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus éifeachtúlacht an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnaimh a bhaint amach.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus

measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

– **1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht hÉigipte.

– **1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

Réimse beartais:	Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais
Gníomhaíocht:	Gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais idirnáisiúnta

– **1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[10]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

– **1.4. Cuspóirí**

– *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' 'Eoraip níos láidre sa domhan mór'

– *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

(a) Tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais agus athchóirithe spreagtha fáis a chur chun cinn lasmuigh den Aontas Eorpach, agus áirítear ar na bealaí chun é sin a dhéanamh idirphlé rialta eacnamaíoch a dhéanamh le comhpháirtithe tábhachtacha agus trí chúnamh macrairgeadais a sholáthar.

– *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

(1) Rannchuidiú le riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh na hÉigipte a chumhdach i gcomhthéacs an mheathlúcháin mhóir ar a gcuntas sheachtracha de dheasca forbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí. (2) Riachtanais maoiniúcháin bhuiséadaigh an chomhpháirtithe a mhaolú. (3) Tacaíocht a thabhairt don iarracht comhdhlúthaithe fhioscaigh agus don chobhsú seachtrach i gcomhthéacs chlár CAI. (4) Tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe struchtúracha a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an mbainistíocht mhaicreacnamaíoch fhoriomlán, an rialachas eacnamaíoch agus an trédhearcacht a threisiú, agus feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh fás inbhuanaithe.

– *1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

[10] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Beidh ceangal ar údaráis na hÉigipte tuairisc a thabhairt go rialta do sheirbhísí an Choimisiúin faoi thacar táscairí eacnamaíocha agus tuarascáil chuimsitheach a ullmhú faoi chomhlíonadh na n-athchóirithe beartais a comhaontaíodh sula n-eisíocfar tráthchodanna an chúnaimh.

Leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin d'fhaireachán a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais phoiblí, tar éis an mheasúnaithe oibríochtúil ar scagchuarda airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin san Éigipt. Cuirfidh Toscaireacht an Aontais sna comhpháirtithe tuairiscí ar fáil go tráthrialta faoi shaincheisteanna a bhaineann le faireachán ar an gcúnamh. Fanfaidh seirbhísí an Choimisiúin i ndlúth-theagmháil leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus leis an mBanc Domhanda chun leas a bhaint as an tuiscint atá acu de thoradh a ngníomhaíochtaí reatha sa chomhpháirtí féin.

Leis an gcinneadh reachtach atá beartaithe, foráiltear go gcuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, agus beidh measúnú ar chur chun feidhme na hoibríochta sa tuarascáil sin. Déanfar meastóireacht *ex post* neamhspleách ar an tacaíocht laistigh de 2 bhliain tar éis don tréimhse cur chun feidhme dul in éag.

(a) Éifeachtacht agus tráthúlacht: ba cheart leis na táscairí ceadú d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht trí fhaisnéis maidir le dul chun cinn a chur ar fáil go tráthrialta agus maidir lena bhfuil bainte amach feadh na clárthréimhse.

(b) Éifeachtúlacht: ba cheart próisis a bharrfheabhsú chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, agus iarrataí ar fhaisnéis nach bhfuil gá leo nó atá dúblach á seachaint

(c) Ábharthacht na dtáscairí agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin gaolmhar a theorannú.

(d) Soiléireacht: ba cheart táscairí a sheachadadh i bhfoirm shoiléir intuigthe, le meiteashonraí tacaíochta agus i bhfoirm a éascaíonn léirmhíniú ceart agus cumarsáid fhiúntach.

– **1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

– *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh eisíocaíocht an chúnaimh faoi réir chomhlíonadh na réamhchoinníollacha polaitiúla agus cuntas teiste sásúil i gcur chun feidhme an chláir eacnamaíoch idir an Éigipt agus CAI, ar thángthas ar chomhaontú ar leibhéal na foirne ina leith an 6 Márta 2024, tar éis d'údaráis na hÉigipte roinnt réamhbheart a chur chun feidhme. Sa bhreis air sin, tiocfaidh an Coimisiún ar chomhaontú le húdaráis na hÉigipte maidir le hathchóirithe sonracha beartais, agus liostófar iad i Meabhrán Tuisceana.

Tá sé beartaithe an cúnamh a eisíoc i dtráthchuid amháin a mheastar a dhéanfar ag deireadh 2024.

Beidh forálacha sonracha maidir le cosc ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile i bhfeidhm, forálacha a bheidh i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

– *1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Ionstraim atá bunaithe ar bheartais is ea ionstraim an chúnaimh macrairgeadais atá spriocdhírithe ar riachtanais airgeadais sheachtracha a mhaolú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. I gcomhthéacs na géarchéime réigiúnaí atá ar siúl go fóill, cabhróidh an cúnamh macrairgeadais le spás beartais eacnamaíoch agus fioscach a chur ar fáil do na húdaráis chun freagairt eacnamaíoch éifeachtach a thabhairt ar an ngéarchéim. Trí chabhrú leis an gcomhpháirtí na deacrachtaí eacnamaíocha a shárú, ar deacrachtaí iad a ghéaraítear leis na forbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí agus go háirithe an cogadh sa Mheánoirthear agus géarchéim na Mara Rua a d'eascair as sin, beidh an cúnamh macrairgeadais atá beartaithe ina rannchuidiú le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus pholaitiúil a chur chun cinn sna comhpháirtithe. Déanfaidh an cúnamh macrairgeadais comhlánú ar na hacmhainní atá curtha ar fáil ag na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, deontóirí déthaobhacha agus institiúidí airgeadais eile an Aontais Eorpaigh. Agus sin á dhéanamh, rannchuideoidh sé le héifeachtacht fhoriomlán na tacaíochta airgeadais atá curtha ar fáil ag an gcomhphobal idirnáisiúnta, agus an chúnaimh airgeadais eile ón Aontas Eorpach chomh maith, oibríochtaí tacaíochta buiséadaí san áireamh.

Ina theannta sin, trí mhaoiniú fadtéarmach a chur ar fáil i dtéarmaí an-lamháltais, níos ísle de ghnáth ná an chuid eile de dheontóirí idirnáisiúnta nó déthaobhacha, meastar go gcabhróidh an clár MFA leis an rialtas a bhuiséad a chur i bhfeidhm gan dialltaí fioscacha agus go gcuirfidh sé le hinbhuanaitheacht fiachais.

Anuas ar thionchar airgeadais an chúnaimh macrairgeadais, neartóidh an clár atá beartaithe tiomantas athchóirithe an rialtais. Bainfear an toradh sin amach, *inter alia*, trí bhearta athchóirithe iomchuí a bheidh ag gabháil le heisíocaíocht an chúnaimh.

– *1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

